



Coimisiún
na Meán

Treoirlínte do Ghrúpaí Pobail Uaillmhianacha chun seirbhísí pobail píolótacha a fheidhmiú

Foilsithe
Mí na Nollag 2024



Clár Ábhar

1. Réamhrá	3
2. Cuspóir na dTreoirlínte seo	3
3. Na Meáin Phobail	4
4. An Próiseas Ceadúnaithe le haghaidh Raidió Pobail	5
5. Pleananna Ceadúnaithe Raidió Pobail	7
Iarscríbhinn 1: Ceistneoir Féinmheasúnaithe	11
Roinn a hAon: Úinéireacht, Rialachas agus Bainistíocht	11
Roinn a Dó: Clársceidealú	14
Roinn a Trí: Sochar Sóisialta	18
Roinn a Ceathair: Cúrsaí Airgid	19
Roinn a Cúig: Oibríochtaí (Soláthar Foirne agus Oiliúint)	22
Roinn a Sé: Stiúideonna agus Tarchur	23



1. Réamhrá

Déantar foráil i gCuid 6 d'Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009") chun conarthaí craolacháin fuaime a dheonú le haghaidh seirbhísí raidió tráchtála agus pobail ar bhonn sealadach agus lánaimseartha¹.

Is féidir le Coimisiún na Meán (An Coimisiún) conarthaí craolacháin fuaime sealadacha a dhámhachtain ar feadh suas le 30 lá i dtréimhse 12 mhí ("seirbhís raidió shealadach rialta"). Dámhtar na conarthaí sin de ghnáth do ghrúpaí pobail a thosaíonn a gcéad seirbhís pobail, do ghrúpaí oideachais, institiúideacha, agus/nó mac léinn, agus do dhaoine eile le haghaidh ócáidí speisialta.

Ina theannta sin, is féidir leis an gCoimisiún conradh craolacháin fuaime sealadach a dhámhachtain do ghrúpa iarratasóirí atá ionadaíoch agus freagrach do phobal i limistéar áirithe nó do phobal leasa² i limistéar ar feadh tréimhse suas le 100 lá i dtréimhse 12 mhí ("seirbhís raidió pobail píolótach"). Dámhtar na conarthaí sin ar bhonn píolótach do ghrúpaí pobail i limistéar saincheadúnais a bhféadfadh spéis a bheith acu seirbhís raidió pobail lánaimseartha a bhunú sa todhchaí. Tráth a ngníomhóidh an tseirbhís atá beartaithe mar sheirbhís píolótach le haghaidh seirbhís pobail iomlán, beifear ag súil go gcloífidh an t-iarratas le beartais an Choimisiúin, lena n-áirítear an [Beartas um Mheáin Phobail](#) agus an [Creat Tairbhe Sóisialta](#).

Is féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ar chonarthaí den sórt sin ag aon tráth, agus tá na treoirínte ábhartha agus na foirmeacha iarratais le haghaidh gach ceann de na cineálacha seirbhíse sealadaí thuas ar fáil ar www.cnam.ie.

2. Cuspóir na dTreoirínte seo

Meastar go mbeidh sé d'uaimhian ag grúpaí pobail a d'oibrigh seirbhísí raidió pobail píolótacha iarratas a dhéanamh ar³ chonradh craolacháin fuaime pobail lánaimseartha. Is é is cuspóir do na Treoirínte seo cúnamh a thabhairt do ghrúpaí pobail uaimhianacha tuiscint a fháil ar na clocha míle ba cheart a bhaint amach agus ar na ceanglais nach mór a chomhlíonadh sula ngabfaidh siad i mbun cainteanna leis an gCoimisiún maidir le conradh craolacháin fuaime a fhógairt do phobal i limistéar sonraithe nó i bpobal leasa.

Mínítear freisin sna Treoirínte na forálacha d'Acht 2009 a chuirfear i bhfeidhm i bpróiseas iarratais le haghaidh conradh craolacháin pobail lánaimseartha.

Is é misean an Choimisiúin tírdhreach meán a rialáil, tacú leis, agus a fhorbairt a bheidh mar bhonn taca ag cearta bunúsacha agus lena gcothaítear sochaí oscailte, dhaonlathach, agus iolraíoch. Aithníonn an Coimisiún go bhfeabhsaítear an éagsúlacht agus an iolarthacht i gcráolachán nuair a fheidhmítear meáin phobail, agus go bhforbraítear agus go gcumhachtaítear pobail Éireannacha,

¹ Ciallaíonn lánaimseartha conradh a dhámhachtain faoi alt 66 nó alt 67 den Acht Craolacháin 2009, suas go dtí uastréimhse 10 mbliana.

² Pobal a bhfuil leas coiteann acu ach nach gá go mbeadh cónaí ar an bpobal laistigh den limistéar tíreolaíoch céanna.

³ Sna Treoirínte seo tagraíonn "conradh raidió pobail lánaimseartha" nó "conradh téarma" do chonradh craolacháin fuaime a dhámhtar de ghnáth ar feadh tréimhse 5-10 mbliana i gcomhréir le forálacha alt 65 agus 66 d'Acht 2009.



agus go dtógtar acmhainn laistigh d'earnáil an chraolacháin pobail. Rannchuidíonn an earnáil phobail go mór le tírdhreach meán a thugann tacaíocht don daonlathas agus do luachanna daonlathacha, atá inbhuanaithe, iolraíoch agus rannpháirteach, agus a léiríonn agus a mhúnláíonn cé muid féin mar shochaí.

Léiríodh le taithí na hÉireann ionas go mbeidh duine in ann an cumas maidir le Conradh téarma a oibriú go dteastóidh tiomantas agus tacaíocht mhór leanúnach ó na pobail ar a bhfreastalaítear ar bhonn níos fadtéarmaí. Bhí dúshlán mhóra le sárú ag seirbhísí raidió pobail, agus i roinnt cásanna, cuireadh deireadh leo toisc go raibh na tiomantais agus an tacaíocht ba ghá níos fadtéarmaí fós le cur i bhfeidhm. Cuireann an taithí sin bonn faoin tábhacht atá le seirbhís raidió pobail phíolótach a fheidhmiú thar roinnt blianta. Le linn na tréimhse 'píolótaí', is féidir leis an tseirbhís, trí thacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail, an acmhainn a thógáil chun éabhlóid a dhéanamh go leanúnach agus oibriú ar an gclársceidealú agus ar na tairbhí sóisialta a sholáthraítear léi, agus í a leabú sa phobal.

Sna Treoirínte seo tagraíonn “An Coimisiún” don eagraíocht Coimisiún na Meán agus tagraíonn “an Coimisiún” d'orgán cinnteoireachta Choimisiún na Meán ina bhfuil Coimisiún ildaoine faoi stiúir ceathrar Coimisinéirí, na Coimisinéirí um Chraolachán agus Físeán ar Éileamh, Forbairt na Meán, Seirbhísí Digiteacha agus Sábháilteacht Ar Líne agus an Cathaoirleach Feidhmiúcháin.

In éineacht leis na Treoirínte seo ba cheart do ghrúpaí pobail uailmhianacha doiciméadacht agus nósanna imeachta ceadúnaithe foilsithe an Choimisiúin a léamh, lena n-áirítear a Threoracha Ceadúnaithe agus Foirmeacha Iarratais, Conradh Craolacháin Fuaimne Pobail Táscach, [Beartas um Meáin Phobail](#), [Cairt Raidió Pobail AMARC](#) agus an [Creat Tairbhe Sóisialta](#).

3. Na Meáin Phobail

Mar a leag sé amach ina Bheartas um Meáin Phobail, ghlac an Coimisiún leis an sainmhíniú seo a leanas ar mheáin phobail i gcomhthéacs na hÉireann:

“Is sainghné d’eagraíocht mheáin phobail ná a struchtúr úinéireachta, a léiriúchán ábhar agus/nó a gníomhaíochtaí scaipthe, agus an gaol atá aici leis an bpobal a bhfuil ceadúnas aici chun seirbhís a thabhairt dóibh. Tá sí faoi úinéireacht agus faoi smacht eagraíocht neamhbhrabúis a bhfuil struchtúr ann chun gur baill den phobal a bheadh ina gcomhaltaí agus i mbun bainistíochta go bunúsach. Tá a léiriúchán ábhar agus/nó a gníomhaíochtaí scaipthe bunaithe ar rochtain agus rannpháirtíocht bhaill den phobal agus léiríonn sí leas agus riachtanais ar leith an phobail sin. Féachann an gaol atá aici leis an bpobal eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí eile a athneartú a bhfuil sé mar aidhm acu an pobal sin a chumhachtú agus a fhorbairt.”

Ceanglaítear le hAcht 2009 go soláthróidh na meáin phobail tairbhe shóisialach dá bpobail. Is é seo a leanas an sainmhíniú maidir le tairbhe shóisialach i gCreat Tairbhe Sóisialta an Choimisiúin, ar thángthas air trí phróiseas comhairliúcháin: *“Tairbhí do dhaoine aonair nó do ghníomhairí coiteanna*

sa phobal a chuireann feabhas ar a saol go sóisialta, go cultúrtha nó ar bhonn eacnamaíoch, nó i dtéarmaí forbartha, cumhachtaithe agus/nó féinleasa, nach dtarlódh murach sin.”

Sainaithnítear sé chineál tairbhe shóisialaigh a bhaineann leis na meáin phobail sa Chreat:

1. Fás ar mhuintir, cruthaitheacht, agus braistint muintearais do dhaoine aonair, go háirithe iad sin ó ghrúpaí mionlaigh agus imeallaithe.
2. Feabhsaítear ionchais fostaíochta do dhaoine aonair trí fhorbairt scileanna rud lena neartaítear aitheantas pobail.
3. Feasacht a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc an phobail faoi cad atá ag tarlú timpeall a bpobail.
4. A chur ar chumas an phobail freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do shaincheisteanna áitiúla agus domhanda trí rochtain ar thuairimí éagsúla agus ar níos mó faisnéise agus ar fhaisnéis níos fearr.
5. Acmhainneacht na ngníomhairí comhchoiteanna a chumasú agus a atreisiú chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.
6. Féiniúlacht phobail agus comhtháthú an phobail a fheabhsú trí idirghníomhú agus gníomh comhchoiteann.

Tá modheolaíocht mhionsonraithe ag gabháil leis an gCreat ar féidir le heagraíochtaí meán pobail í a chur i bhfeidhm chun leibhéal agus cineál na dtairbhí sóisialta a chruthaítear a mheas. Úsáidfidh an Coimisiún coincheap na tairbhe sóisialta sin chun an luach a chruthaíonn eagraíochtaí meán pobail ina bpobail a fháil amach.

4. An Próiseas Ceadúnaithe le haghaidh Raidió Pobail

Mínítear sa chuid seo an próiseas ceadúnaithe le haghaidh raidió pobail mar a leagtar amach é i gCuid 6 (ailt 64 – 67) d’Acht 2009. Beifear ag súil go mbeidh na forálacha reachtúla léite ag na grúpaí pobail uailmhianacha agus go mbeidh eolas acu orthu.

I gcomhréir le halt 64, féadfaidh an Coimisiún conradh raidió pobail a dhéanamh le baill de phobal áitiúil nó de phobal leasa má tá sé sásta (a) go bhfuil na baill sin ionadaíoch ar an bpobal lena mbaineann, agus freagrach dó, agus (b) go dtabharfar aghaidh go sonrach le clársceidealú na seirbhíse ar leasanna an phobail agus go soláthrófar tairbhe shóisialta don phobal agus (c) go bhfeidhmeofar an tseirbhís gan bheann ar bhrabús.

Mar a thugtar imlíne de in alt 65 d’Acht 2009, féadfaidh an Coimisiún, agus aird aige ar phlean leithroinnte le haghaidh an raoin minicíochta mar a comhaontaíodh le ComReg, an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide, féadfaidh sé fáilte a chur roimh léirithe spéise ar chonarthaí craolacháin fuaimne le haghaidh limistéir nó limistéir shonraithe. Féadfaidh an Coimisiún ceann amháin nó an dá staidéar seo a leanas a dhéanamh chun tacú lena chinneadh conradh le haghaidh limistéar sonraithe a fhógairt:

- (a) staidéar sa limistéar chun leasanna agus mianta an limistéir sin a bhaineann leis an tseirbhís craolacháin fuaime a dheimhniú, agus/nó
- (b) staidéar ar an tionchar a bheadh ag seirbhís craolacháin fuaime bhreise ar an earnáil sa limistéar sin.

Tá sé sin anuas ar chomaoineacha eile, lena n-áirítear cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin maidir le daonlathas, iolarthacht agus éagsúlacht sa chraolachán agus earnáil mheán Éireannach inmharthana a fhorbairt.

I gcás ina lorgaíonn an Coimisiún léirithe spéise, ní mheastar gur iarratais ar chonradh a bheidh iontu sin. Cuirtear fáilte rompu ar mhaithe le tuairim a thabhairt i dtéarmaí ginearálta ar an gcineál seirbhíse a bheartaítear, chun sainmhíniú a thabhairt ar an bpobal ar a bhfreastalófar agus cineál pobail an ghrúpa ábhartha. Dá bhrí sin, ba cheart go saineofaí go soiléir i léirithe spéise i seirbhísí pobail an pobal ar a bhfreastalófar agus imlíne a thabhairt den leibhéal rannpháirtíochta reatha agus a bhfuil coinne leis ón bpobal sin sa stáisiún. Ba cheart do ghrúpaí barúil a thabhairt freisin ar an gcineál seirbhíse clársceidealúcháin a shamhlaítear agus conas a fheastalóidh sé ar riachtanais chumarsáide an phobail ar a bhfreastalófar.

Féadfaidh an Coimisiún leanúint air freisin agus conradh craolacháin fuaime pobail a fhógairt do phobal i limistéar sonraithe gan léirithe spéise a lorg in aon chor. Má dhéantar cinneadh den sórt sin, agus tar éis dul i gcomhairliúchán mar is gá le ComReg, cuirtear fáilte trí fhógra poiblí roimh iarratas chun seirbhís pobail a bhunú i limistéar sonraithe nó le haghaidh pobal comhleasa.

Foilseofar *Treoir maidir le hAighneachtaí* ina dtabharfar cuntas ar an bpróiseas agus ar na critéir reachtúla a mbeidh aird ag an gCoimisiún orthu le linn dó measúnú a dhéanamh ar iarratas le haghaidh conradh craolacháin fuaime lánaimseartha. Mar chuid den Treoir sin beidh foirm iarratais ina sonrú an t-eolas nach mór d'iarratasóir a chur isteach.

Tá na critéir don mheasúnú reachtúil sonraithe in alt 66(2) agus ina measc tá siad seo a leanas:

- carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra.
- leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais agus a mhéid a bheidh an t-iarratas ag teacht le dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíochta.
- cáilíocht, réimse agus cineál na gclár a bheartaíonn gach iarratasóir.
- cáilíocht, réimse agus cineál na gclár Gaeilge agus méid na gclár a bhaineann le cultúr na hÉireann.
- a mhéid a dhéanfaidh an t-iarratasóir deiseanna nua a chruthú le haghaidh daoine a bhfuil buanna acu sa cheol, sa drámaíocht agus sa tsiamsaíocht, go háirithe i leith chultúr na hÉireann.
- éagsúlacht seirbhísí chun freastal ar réimse fairsing ábhar is díol spéise do dhaoine, lena n-áirítear ábhair is díol spéise do leasanna mionlaigh.
- a mhéid a dhéanann an tseirbhís bheartaithe freastal ar phobail is inaitheanta mar phobail áitiúla agus a mhéid atá tacaíocht aici ó na leasanna éagsúla sa phobal nó a dhéanann sí freastal ar phobail chomhleasa.

- aon nithe eile is dóigh leis an gCoimisiún is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú (i.e. stiúideonna agus tarchur).

Foráiltear in Alt 66(3) i gcás ina bhfuil an tseirbhís i limistéar a bhfuil limistéar Gaeltachta ar áireamh ann,⁴ beidh aird ar leith ag an gCoimisiún ar bhuanú agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha. Ceanglaítear le hAlt 66(4) go mbeidh aird ag an gCoimisiún ar cháilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra faoi chonradh craolacháin roimhe, más infheidhme.

Grúpálann an Coimisiún na critéir reachtúla thuas faoi na ceannteidil seo: (a) Úinéireacht, Rialachas agus Bainistíocht; (b) Clársceidealú agus Tairbhe Shóisialta; (c) Airgead; (d) Oibríochtaí (Soláthar Foirne agus Oiliúint); (e) Stiúideonna agus Tarchur; agus (f) Cuntas Teiste.

Déanfar measúnú ar an iarratas a chuirfidh iarratasóir isteach ag úsáid na gcritéir reachtúil agus beartais an Choimisiúin de réir mar is infheidhme. Ullmhóidh foireann an Choimisiúin tuarascáil meastóireachta don iarratas. Ina dhiaidh sin, breithneoidh an Coimisiún gach critéir nó teaghlaim critéir agus tabharfaidh scór dóibh.⁵ Ní mór d'iarratas scór os cionn 50% a bhaint amach faoi gach critéir reachtúil ionas gur féidir é a mheas mar iarratas a bheidh incháilithe chun conradh a dhámhachtain air.

I gcás ina mbaineann an t-iarratas na scóir is gá amach, ceadóidh an Coimisiún an dámhachtain conartha faoi réir chur i gcrích rathúil na gcaibidlíochtaí ar an gconradh. Mairfidh an conradh de ghnáth idir 5-10 mbliana.

5. Pleananna Ceadúnaithe Raidió Pobail

Mar bhonn eolais dá chinneadh fáilte a chur roimh léirithe spéise nó conarthaí craolacháin fuaime pobail a fhógairt i limistéar sonraithe nó do phobal comhleasa, féadfaidh an Coimisiún dul i mbun caibidlíochta le grúpa pobail. Táthar ag súil go mbeidh grúpa pobail ar spéis leo seirbhís raidió lánaimseartha a chur ar fáil réidh chun na ceanglais cheadúnaithe a leagtar amach in alt 66 d'Acht 2009 a chomhlíonadh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chumas an ghrúpa na ceanglais sin a chomhlíonadh trí phróiseas measúnaithe ina mbeidh dhá chéim: 1) féinmheasúnú de chuid an ghrúpa pobail; agus 2) athbhreithniú feidhmíochta de chuid an Choimisiúin. Is faoin gCoimisiún é an chéim dheiridh a chinneadh. Mínítear an próiseas sin thíos:

Céim a hAon: Féinmheasúnú

Mar chéad chéim, ba cheart don ghrúpa pobail measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht agus a ndul chun cinn trí na seirbhísí pobail píolótacha a fheidhmíonn siad, chun cinneadh cibé an bhfuil an acmhainneacht acu agus cibé an bhfuil siad réidh chun iarratas a dhéanamh ar chonradh craolacháin lánaimseartha. In [Iarscríbhinn 1](#) de na Treoirí seo, thug an Coimisiún liosta ceisteanna agus nótaí míniúcháin ag gabháil leo chun cur ar chumas grúpaí pobail uailmhianacha a bhféinmheasúnú

⁴ [Limistéir Ghaeltachta](#)

⁵ Cuirfear na sonraí uile maidir le hualuithe na gcritéir éagsúil ar fáil sa Treoir ábhartha maidir le hAighneachtaí a fhoilseofar d'iarratasóirí.

a chur i gcrích. Baineann na ceisteanna le: (a) Úinéireacht, Rialachas agus Bainistíocht; (b) Clársceidealú agus Tairbhe Shóisialta; (c) Airgead (d) Oibríochtaí (soláthar foirne agus oiliúint); (e) Stiúideonna agus Tarchur; agus (f) Cuntas Teiste. Comhfhreagraíonn na ceannteidil sin do na critéir cheadúnaithe éigeantacha in alt 66 d'Acht 2009.

Tá dhá chuspóir ag an bhFéinmheasúnú. Cuidíonn sé le grúpaí pobail uailmhianacha tuiscint a fháil ar cheanglais an phróisis ceadúnaithe agus measúnú a dhéanamh ar a gcumas agus a n-ullmhacht chun na ceanglais sin a chomhlíonadh. Cuireann sé ar chumas grúpaí den sórt sin freisin nithe óna dteastaíonn dul chun cinn agus feabhas a aithint agus dul i ngleic leo.

Measann an Coimisiún gurb iomchuí é go bhfeidhmeodh grúpaí pobail uailmhianacha an tseirbhís mar sheirbhís phobail phíolótach ar feadh trí bliana ar a laghad sula ndéanann siad an Féinmheasúnú seo. Grúpa pobail uailmhianach ar mian leo iarratas a dhéanamh ar sheirbhís lánaimseartha, ní mór dóibh freagra 'tá' a thabhairt ar gach ceann de na ceisteanna. I gcás ina sásaíonn an grúpa an ceanglas sin, féadfaidh sé dul i dteagmháil le foireann cheadúnaithe an Choimisiúin chun an Féinmheasúnú comhlánaithe a chur isteach agus chun Athbhreithniú Feidhmíochta den tseirbhís raidió pobail a iarraidh.

D'fhonn dul ar aghaidh tar éis Chéim 1, ní mór d'fhoireann ceadúnaithe an Choimisiúin a bheith sásta:

- gur fheidhmigh an t-iarratasóir an tseirbhís phobail faoi thrí chonradh fuaimhe shealadacha (100 lá) ar a laghad mar chonradh píolótach le haghaidh seirbhís raidió pobail lánaimseartha;
- go bhfuil an t-iarratasóir fós ionadaíoch ar phobal agus freagrach do phobal i limistéar ar leith nó i bpobal comhleasa;
- go dtairgeann an tseirbhís agus go leanfaidh sí ag tairiscint tairbhe shóisialta do phobal i limistéar ar leith nó i bpobal comhleasa; agus
- go bhfuil an Féinmheasúnú tugtha i gcrích agus gur dheimhnigh an t-iarratasóir go bhfuil freagra 'tá' iomchuí maidir leis na ceisteanna go léir.

Céim a Dó: Athbhreithniú Feidhmíochta

Déanfaidh Foireann Ceadúnaithe an Choimisiúin athbhreithniú ar fheidhmíocht na seirbhíse pobail a feidhmíodh faoi chonarthaí craolacháin fuaimhe píolótacha agus ar chumas an ghrúpa na critéir a leagadh amach in alt 66 d'Acht 2009 a chomhlíonadh nó dul chun cinn a dhéanamh maidir leo. Beidh Athbhreithniú Chéim 2 seo bunaithe ar an bhfeidhmíocht agus ar an dul chun cinn a baineadh amach thar an tréimhse ábhartha agus cuimseofar leis Tuarascáil Feidhmíochta a dhéanfaidh an grúpa⁶ agus cruinniú le Foireann Ceadúnaithe an Choimisiúin.

Déanfar scrúdú san Athbhreithniú ar fheidhmíocht faoi na ceannteidil chéanna atá san Féinmheasúnú: (a) Úinéireacht, Rialachas agus Bainistíocht; (b) Clársceidealú agus Tairbhe Shóisialta; (c) Airgead (d) Oibríochtaí (soláthar foirne agus oiliúint); (e) Stiúideonna agus Tarchur; agus (f) Cuntas Teiste.

⁶ I bhformáid arna hiarraidh ag an gCoimisiún. Cuirfeadh an fhoráid sin ar fáil don Bhord Stiúrthóirí.



Cé go gcuirtear ceisteanna san Fhéinmheasúnú óna dteastaíonn freagra 'tá' nó 'níl', déanfar scrúdú san Athbhreithniú seo ar Chéim 2 ar an gcaoi ar éirigh leis an tseirbhís an dul chun cinn sin a bhaint amach agus an fhianaise chun tacú leis na freagraí a tugadh. Mar shampla, faoi (a) Úinéireacht agus Rialú, Rialachas agus Bainistíocht, fiafraítear sa Cheistneoir Féinmheasúnaithe, 'An bhfuil baill na seirbhíse pobail ionadaíoch ar an bpobal lena mbaineann, agus freagrach dó?' Déanfar scrúdú in Athbhreithniú Chéim 2 ar an gcaoi a bhaintear amach an ionadaíocht agus an chuntasacht sin, i gcleachtas, agus an fhianaise atá ar fáil chun é sin a léiriú.

Buailfidh Foireann Ceadúnaithe an Choimisiúin freisin leis an mBord Stiúrthóirí agus féadfaidh siad tuilleadh eolais agus doiciméadachta a iarraidh tar éis an chruinnithe sin. Is é aidhm an chruinnithe sin athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Feidhmíochta a chuir an grúpa pobail i gcrích agus a bpleananna agus a gcumas chun tuilleadh forbartha a dhéanamh a phlé agus a bhreacadh síos sula ndéanfaidh siad iarratas ar chonradh craolacháin fuaimne pobail lánaimseartha, i gcás ina bhfógrófaí conradh. Cuideoidh an cruinniú agus an tuarascáil ina dhiaidh sin le grúpa pobail uailmhianach réimsí i gcomhair tuilleadh forbartha agus feabhais a aithint de réir mar is infheidhme.

De bhun an Athbhreithnithe sin, sannfar marc Pas nó Teip don tseirbhís phobail faoi gach ceann de na ceanteidil thuas. I gcás ina sanntar marc Pas ar an Athbhreithniú Feidhmíochta faoi gach ceanteideal, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin é mar a mhínítear faoi Chéim a Trí thíos. I gcás ina sanntar marc Teip ar cheanteideal amháin nó níos mó, tabharfar cúiseanna don ghrúpa pobail uailmhianach leis an teip faoin gceanteideal ábhartha. Déanfar athbhreithniú feidhmíochta eile a luaithé agus a bheidh an grúpa pobail in ann a thaispeáint gur thug sé aghaidh ar na hábhair ar tarraingíodh aird orthu. Le linn na tréimhse sin, féadfaidh an grúpa pobail iarratas a dhéanamh ar chonradh craolacháin fuaimne pobail píolótach eile ach próiseas iarratais rathúil a chur i gcrích.

Céim a Trí: An Próiseas Cinnteoireachta

I gcás ina gcuireann an grúpa pobail uailmhianach Céim a Dó i gcrích go rathúil, molfaidh foireann an Choimisiúin go n-áireoidh an Coimisiún i bplean ceadúnaithe amach anseo fógairt conartha craolacháin fuaimne pobail don phobal sa limistéar nó sa phobal comhleasa. Beidh eolas ag breithniú an Choimisiúin ó na nithe seo a leanas:

1. An Tuarascáil Meastóireachta arna hullmhú ag foireann an Choimisiúin. Beidh an tuarascáil sin leagtha amach ag úsáid na gceanteideal a bhfuil cuntas orthu thuas.
2. Má mheasann an Coimisiún go dteastaíonn soiléiriú nó eolas breise ón ngrúpa pobail uailmhianach maidir le hábhar, lorgóidh sé eolas den sórt sin i scríbhinn agus/nó trí chruinnithe le foireann an Choimisiúin.
3. Tar éis aon chruinniú(ithe) is gá agus/nó aon fhreagra(i) ar iarrataí ar eolas breise, déanfaidh an Coimisiún a chinneadh faoi cibé:
 - (a) staidéar a choimisiúnú sa limistéar chun leasanna agus mianta an phobail lena mbaineann an tseirbhís raidió a dheimhniú, nó



- (b) leanúint ar aghaidh agus fáilte a chur roimh iarratas ar chonradh craolacháin fuaime pobail don phobal sa limistéar nó sa phobal comhleasa sin de réir mar is infheidhme.

I gcás ina gcinneann an Coimisiún tabhairt faoi (a), tacóidh torthaí an staidéir sin lena chinneadh faoi cibé leanúint ar aghaidh agus fáilte a chur roimh iarratas ar chonradh craolacháin fuaime pobail.

Iarscríbhinn 1: Ceistneoir Féinmheasúnaithe

Ullmhaíodh na ceisteanna agus na nótaí míniúcháin seo a leanas chun cuidiú le grúpaí pobail uailmhianacha measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht agus ar a ndul chun cinn thar an tréimhse a bhfeidhmeoidh siad seirbhís phobail phíolótach. Ach an measúnú sin a dhéanamh, is féidir le grúpaí pobail uailmhianacha a n-acmhainn a chinneadh maidir leis na ceanglais chun conradh craolacháin fuaimne a dhámhachtain, nó a ndul chun cinn maidir lena gcomhlíonadh.

Sula líonann siad isteach an féinmheasúnú seo, moltar do ghrúpaí pobail uailmhianacha doiciméadacht agus nósanna imeachta ceadúnaithe foilsithe an Choimisiúin a léamh, lena n-áirítear a Threoracha Ceadúnaithe agus Foirmeacha Iarratais, Conradh Craolacháin Fuaimne Pobail Táscach, Beartas um Mheáin Phobail, Cairt Raidió Pobail AMARC agus an Creat Tairbhe Sóisialta. Tá na cáipéisí seo ar fáil ar www.cnam.ie nó ar iarratas ón gCoimisiún.

Roinn a hAon: Úinéireacht, Rialachas agus Bainistíocht

Tugtar aghaidh sa roinn seo ar na critéir sainithe le haghaidh seirbhís craolacháin fuaimne pobail agus an ceanglas go mbeadh sé ionadaíoch ar an bpobal ar a bhfreastalaítear agus cuntasach don phobal sin.

1.1 Ionadaíocht Phobail

	CEISTEANNA	TÁ	NÍL
1	An bhfuil an pobal ar a bhfreastalófar (i.e. pobal tíreolaíoch, leas-bhunaithe, etc.) sainithe go soiléir?		
2	An bhfuil an tseirbhís phobail faoi úinéireacht agus á rialú ag eintiteas dlíthiúil gan beann ar bhrabús?		
3	An bhfuil Bunreacht ag an eintiteas dlíthiúil (Meamram agus Airteagail Chomhlachais)?		
4	An bhfuil rialacha soiléire leagtha síos sa Bhunreacht maidir le ballraíocht agus an bhfuil foráil ann go bhfuil an bhallraíocht oscailte don phobal trí chéile?		
5	I gcás ina bhfuil foráil sa Bhunreacht do chatagóirí éagsúla ballraíochta, an bhfuil sampla ionadaíoch den phobal á léiriú sna catagóirí sin?		
6	An bhfuil cearta vótála ag gach ball?		
7	Ar bhfuil do chuid ballraíochta méadaithe agat thar na gcatagóirí uile thar théarmaí na gconarthaí raidió pobail píolótacha?		
8	An bhfuil straitéisí agat chun dul i dteagmháil leis an bpobal chun a mballraíocht a chur chun cinn agus a spreagadh?		
9	An bhfuil an pobal ag tacú le hiarratas ar chonradh craolacháin fuaimne lánaimseartha?		



Nótaí Míniúcháin

- Ag an tús, ba cheart do ghrúpa pobail uailmhianach an pobal ábhartha ar a bhfreastalófar a shainiú go soiléir (i.e., tíreolaíoch, pobal leasa, etc.). Ba cheart do ghrúpaí pobail uailmhianacha a bheith in ann a thaispeáint go gcomhlíonann an tseirbhís na critéir lena sainítear seirbhís phobail mar a leagtar amach i *mBeartas um Meáin Phobail* an Choimisiúin.
- Bíonn seirbhís phobail faoi úinéireacht agus á rialú de ghnáth ag eintiteas dlíthiúil gan beann ar bhrabús (“cuideachta”) agus á stiúradh ag Bord Stiúrthóirí nó ag comhlacht rialaithe coibhéseach. Ba cheart do struchtúr ballraíochta an eintitis dhlíthiúil úinéireacht an phobail ar an tseirbhís phobail a éascú, agus a rannpháirtíocht, i ngach leibhéal agus gné bainistíochta agus oibríochta na seirbhíse sin.
- Ba cheart do sheirbhís phobail a áirithiú go bhfuil ballraíocht an eintitis dhlíthiúil oscailte don phobal trí chéile (i.e. nach bhfuil sí teoranta do ghrúpa ar leith nó nach cuid í den limistéar tíreolaíoch ar a bhfreastalaítear). Ba cheart do Chlár na gComhaltaí, dá bhrí sin, a bheith comhdhéanta de shampla ionadaíoch den phobal nó de na pobail ar a bhfreastalófar. Is féidir le Bunreacht cuideachta tacú leis sin trí chatagóirí ballraíochta a aithint de réir limistéir/paróistí tíreolaíocha, grúpaí ionadaíocha pobail, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna pobail, eagraíochtaí spóirt agus gnó, etc. D’fhéadfadh ballraíocht an Bhoird Stiúrthóirí an struchtúr ballraíochta sin a léiriú freisin.
- Ba cheart cearta vótála agus cearta comhionanna eile a bheith ag gach comhalta, lena n-áirítear an ceart maidir leis na stiúrthóirí a ainmniú agus a thoghadh agus vótáil ar chinntí a ghlactar ag cruinnithe.
- Fad agus atá seirbhísí raidió pobail píolótacha á bhfeidhmiú, táthar ag súil go méadóidh an líon comhaltaí thar gach catagóir ballraíochta (de réir mar is infheidhme). Mar sin féin, níl aon uimhir uasta inmhianaithe ann toisc nach mór ionadaíocht phobail a mheas ar bhonn aonair, agus aird ar an sainmhíniú agus ar chomhdhéanamh an phobail atá i gceist. I gcás ina sainítear an pobal de réir limistéir, i measc na gcomaoineacha ábhartha d’fhéadfadh rannpháirtíocht comhaltaí i ngrúpaí pobail eile a fhreastalaíonn ar an bpobal, an daonra ar a bhfreastalaítear, agus leasanna pobail laistigh den limistéar.



1.2 An Bord Stiúrthóirí⁷ agus Rialachas

	CEISTEANNA	TÁ	NÍL
1	An bhfuil rialacha sainithe sa Bhunreacht a bhaineann le feidhmiú an Bhoird Stiúrthóirí agus le hainmniú, toghadh agus rothlú na stiúrthóirí?		
2	An bhfuil cruinniú cinn bliana amháin ar a laghad á thionól ag an eintiteas dlíthiúil ar a dtoghann na comhaltaí an Bord Stiúrthóirí?		
3	An bhfuil an saineolas agus an taithí ábhartha ag an mBord, lena n-áirítear taithí agus eolas ar chúrsaí craolacháin, ar theagmháil leis an bpobal, agus ar chúrsaí airgeadais agus rialachais?		
4	An bhfuil ballraíocht 40% idir fhir is mhná i mballraíocht an Bhoird Stiúrthóirí as a leanann cothroime inscne 60:40 nó 50:50?		
5	I gcás inarb iomchuí, an bhfuil catagóirí ballraíochta níos leithne freisin (i measc an phobail) léirithe i mballraíocht an Bhoird Stiúrthóirí?		
6	An bhfuil struchtúir rialachais, beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le trédhearcacht agus cuntasacht na cinnteoireachta bunaithe ag an mBord?		
7	An bhfuil na dualgais reachtúla is infheidhme maidir le craoltóirí agus beartais ghaolmhara an Choimisiúin léite ag na Stiúrthóirí uile agus an dtuigeann siad iad?		
8	An bhfuil ceanglais thástáil an Choimisiúin maidir le 'Carachtar' á chomhlíonadh ag gach Stiúrthóir? ⁸		
9	I gcás inar bhunaigh an Bord Stiúrthóirí fochoistí, an bhfuil beartais agus nósanna imeachta maidir le cinnteoireacht, tarmligean chuig fochoistí, tuairisciú, cumarsáid le fochoistí (de réir mar is infheidhme), bainistíocht stáisiúin, agus oibríthe deonacha bunaithe aige?		

Nótaí Míniúcháin

- Táthar ag súil go mbeidh raon leathan saineolais agus taithí ábhartha ag an mBord Stiúrthóirí trí chéile chun feidhmiú rathúil na seirbhíse a áirithiú. Ba cheart ó cheart go mbeadh

⁷ An Bord Stiúrthóirí nó Comhlacht Rialaithe coibhéiseach.

⁸ Tá an Tástáil Carachtair leagtha amach i *mBeartas Úinéireachta agus Rialaithe* an Choimisiúin.



cothromaíocht inscne 50:50 ag ballraíocht an Bhoird ach is é 40% an ceanglas íosta, idir fhir is mhná.

- Is é an Bunreacht (ina n-ionchorpraítear an Meamram agus Airteagail Chomhlachais) na cuideachta príomhdhoiciméad rialachais na cuideachta. Áirithítear cuntasacht na cuideachta dá comhaltaí agus don phobal le rialacha soiléire maidir le hainmniúchán, toghadh, rothlú, agus imeachtaí na stiúrthóirí, chomh maith le rialacháin a bhaineann leis an mballraíocht agus cearta comhaltaí agus a rannpháirtíocht i struchtúir chinnteoireachta na cuideachta.
- Mar a thagraítear dó sa *Bheartas um Mheáin Phobail*, ní mór do sheirbhísí pobail tacaíocht a fháil ó chleachtais agus struchtúir láidre feidhmíochta agus rialachais. Le linn do na seirbhísí raidió pobail píolótacha a bheith á n-oibriú, táthar ag súil go mbunóidh an Bord struchtúir, beartais agus nósanna imeachta iomchuí chun tacú le cleachtais láidre oibríochtúla agus rialachais. Mar threoir, d'fhéadfaí rialacha nós imeachta le haghaidh beartas ainmniúcháin, imeachtaí, coinbhleachtaí leasa, etc. an Bhoird agus an Choiste a áireamh leo sin.
- I gcás inar bhunaigh an Bord Stiúrthóirí fochoistí, ba cheart struchtúir tuairiscithe foirmiúla a bheith i bhfeidhm chun maoirseacht agus cuntasacht iomchuí a áirithiú. I measc na samplaí tá Téarmaí Tagartha le haghaidh gach fochoiste, athbhreithniú ag an mBord Stiúrthóirí ar mhiontuairiscí na bhfochoistí, tuarascálacha ó na fochoistí, etc.

Roinn a Dó: Clársceidealú

2.1 Sceideal Clár

	CEISTEANNA	TÁ	NÍL
1	An bhfuil soláthar sa sceideal clár le haghaidh raon leathan clársceidealú cainte agus ceoil a fhreastalaíonn ar riachtanais agus leasanna éagsúla an phobail nó na bpobal comhleasa?		
2	An bhfuil an clársceidealú ag cur le héagsúlacht an chlársceidealúcháin atá ar fáil cheana féin don phobal ag meáin eile?		
3	An bhfuil an clársceidealú ag díriú ar chúrsaí a bhaineann leis an bpobal agus/nó an bhfuil sé ag tabhairt aghaidh ar leasanna an phobail nó na bpobal comhleasa?		
4	Ar bhfuil an sceideal clár forbartha, nó le forbairt, chun raon, cáilíocht agus an cineál clársceidealúcháin a leathnú, ar clársceidealú é: <ul style="list-style-type: none"> • a chuireann tallann na hÉireann chun cinn; • a sholáthraíonn cláir i nGaeilge; • a chuireann cultúr na hÉireann chun cinn agus a léiríonn é; 		

	<ul style="list-style-type: none"> • a sholáthraíonn cumhdach pobail agus cumhdach nuachta agus cúrsaí reatha eile; • a sholáthraíonn cumhdach ar an spórt áitiúil? 		
5	An bhfuil ábhar na gclár á soláthar ar ardáin dhigiteacha eile freisin, nó an bhfuil pleananna ann aschur na gclár / ábhar nua a chur ar ardáin dhigiteacha?		

Nótaí Míniúcháin

- Soláthraíonn seirbhísí pobail fóram cumarsáide nua sainiúil idir daoine aonair agus grúpaí laistigh den phobal ar a bhfreastalaítear. Insíonn siad scéalta an phobail agus léiríonn siad a éagsúlacht agus ceiliúran siad í. Táthar ag súil go gcuirfidh seirbhísí raidió pobail le héagsúlacht an chlársceidealúcháin atá ar fáil do phobal agus go bhfreagróidh siad do riachtanais ar leith pobail seachas aithris a dhéanamh ar fhormaid agus ar ábhar seirbhísí atá ann cheana.
- Ba cheart do sheirbhísí phobail phiólótach a bheith in ann leathnú incriminteach agus inbhuanaithe chineál agus raon (éagsúlacht) an chlársceidealúcháin a léiriú, clársceidealú atá freagrúil d'athruithe sa phobal.
- Tá sé tábhachtach freisin a rá nach dteastaíonn sceideal lánaimseartha 24 uair an chloig ó chonarthaí téarma. Ba cheart bonn eolais a bheith faoi phleananna chun na huairanta craolacháin a leathnú trí acmhainn agus measúnú réalafach ar na hacmhainní breise a bheidh ag teastáil chun seirbhísí leathnaithe a oibriú.
- Féadfaidh seirbhísí raidió pobail inneachar a roinnt chun sceideal atá éagsúil ar bhonn cultúrtha agus teangeolaíoch a sholáthar fad agus atá acmhainn an phobail á forbairt. Ba cheart do sheirbhísí pobail éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint agus a gcuid éisteoirí a chur ar an eolas bunaithe ar eolas a fhaightear ó fhoinsí éagsúla, cur chuige atá formhuinthe ag [CRAOL](#) agus ag an gCairt Raidió Pobail don Eoraip ([Cairt AMARC](#)).
- Ba cheart do sheirbhísí raidió pobail aird a bheith aici ar straitéisí digiteacha chun feabhas a chur ar acmhainn an inneachair meán pobail agus rochtain a leathnú chuig inneachar den sórt sin i dtimpeallacht lena ngabhann ardán neodrach.

2.2 Rannpháirtíocht an Phobail

	CEISTEANNA	TÁ	NÍL
1	An bhfuil an pobal/pobal comhleasa ag gabháil do thaighde, léiriú agus craoladh clár?		
2	An bhfuil straitéisí/tionscnaimh forbartha agus curtha ag obair agat chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i bhforbairt, léiriú, agus craoladh clársceidealúcháin a mhéadú?		

3	An bhfuil obair déanta agat i gcomhpháirt le grúpaí pobail eile i léiriú/cur i láthair cláir nó in eagrú tionscnamh pobail eile (den aer)?		
4	An bhfuil meastóireacht cháilíochtúil déanta agat ar an gcaoi a bhfreastalaíonn an clársceidealú ar leasanna éagsúla an phobail nó a bhféadfadh sé freastal orthu ar bhealach níos fearr?		

Nótaí Míniúcháin

- Ba cheart do sheirbhísí raidió pobail píolótacha a bheith in ann méadú a thaispeáint ar rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i gclársceidealú fad is atá an tseirbhís á feidhmiú. Is féidir é sin a dhéanamh trí chláir for-rochtana pobail, cláir oiliúna craolacháin atá oscailte don phobal i gcoitinne nó comhoibriú le grúpaí pobail chun cláir sainleasa a léiriú (e.g. clársceidealú ealaíon leis an amharclann ealaíon áitiúil, grúpaí áitiúla drámaíochta a léiríonn drámaí raidió, scoláirí scoileanna agus coláistí a chruthaíonn cláir etc.).
- Táthar ag súil gur thug grúpa pobail uailmhianach faoi shuirbhé cáilíochtúil amháin ar a laghad i measc an phobail sa limistéar nó sa phobal leasa chun a dheimhniú (agus a áirithiú go bhfreastalaíonn an tseirbhís atá á feidhmiú) ar riachtanais agus leasanna an phobail.
- Rannpháirtíocht le grúpaí pobail eile i dtionscnaimh den aer agus cuir chuige comhpháirtíochta maidir le himeachtaí pobail, ar féidir leo rochtain an phobail ar an tseirbhís, agus rannpháirtíocht sa tseirbhís, a fheabhsú.

2.3 Socruithe Comhlíontachta

	CEISTEANNA	TÁ	NÍL
1	An bhfuil comhalta den Bhord ainmnithe agat mar oifigeach comhlíontachta nó mar phointe teagmhála do Choimisiún na Meán?		
2	An bhfuil socruithe/nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais reachtúla agus na hoibleagáidí conarthachta maidir le hábhar na gclár?		
3	An bhfuil próiseas láimhseála gearán ag an tseirbhís maidir le gearáin a bhaineann le clársceidealú?		
4	An bhfuil na hoibrithe deonacha ar fad curtha faoi oiliúint maidir leis na ceanglais reachtúla is infheidhme a chomhlíonadh?		

Nótaí Míniúcháin

- Tá craoltóirí raidió ceadúnaithe faoi réir na ndualgas a leagtar amach i gCuid 3B d'Acht 2009 agus *Cód agus Rialacha Seirbhíse Meán is infheidhme maidir le Craoltóirí* de chuid an Choimisiúin.
- Ní mór do chraoltóirí raidió ceadúnaithe Oifigeach um Chomhlíonadh ainmnithe a bheith acu agus a áirithiú gur ann do shocruithe comhlíontachta leordhóthanacha (lena n-áirítear TF agus acmhainní daonna) chun a áirithiú go gcomhlíontar na dualgais reachtúla agus na téarmaí ar fad i gconradh craolacháin.
- Ní mór do chraoltóirí raidió ceadúnaithe Cód Cleachtais maidir le Gearáin a bheith acu chun a áirithiú gur féidir gearáin a fháil maidir le clársceidealú agus gur féidir freagra a thabhairt ar na gearáin sin.



Roinn a Trí: Sochar Sóisialta

	CEISTEANNA	TÁ	NÍL
1	An bhfuil na tairbhí sóisialta a sholáthair an stáisiún trí thagairt do na táscairí difriúla sa Chreat Tairbhe Sóisialta tomhaiste agat?		
2	An bhfuil samplaí agat ina bhfuair tú scór láidir i dtrí cinn de na sé Thairbhe Shóisialta sa chreat?		
3	Faoi na 6 Thairbhe Shóisialta inar bhain tú scór íseal amach, an bhfuil réimsí ann a bheidh tú ag forbairt sa ghearr-, mheán- agus fhadtéarma a rachaidh chun tairbhe an phobail ar a bhfreastalaíonn tú?		
4	An bhfuil cur chuige níos fadtéarmaí ar intinn agat maidir le meastóireacht ar an tairbhe shóisialta chun do ról tairbhe sóisialta a fheabhsú, agus na modheolaíochtaí agus an mhinicíocht lena gcuirfear iad sin i bhfeidhm?		
5	Sa tuarascáil 'Assessing the Social Benefit Toolkit for Community Media ', Tábla 1 (lgh 7-9) tugtar samplaí mionsonraithe d'fhoinsí fianaise is féidir a úsáid. <ul style="list-style-type: none"> An bhfuil samplaí agat de na foinsí fianaise is féidir a úsáid? Ar bhfuil cinneadh déanta agat maidir le céard ab fhéarr a d'fhéadfadh oiriúint do do sheirbhís faoi na samplaí difriúla den Tairbhe Shóisialta? 		

Nótaí Míniúcháin

- Cuid ríthábhachtach den mheasúnú a dhéantar ar fheidhmíocht seirbhíse pobail pólótaí is ea meastóireacht a dhéanamh ar an ngaol idir stáisiún agus an lucht éisteachta. Tá sé chomh hábhartha céanna luach na tairbhe sóisialta (trí rannpháirtíocht ghníomhach an phobail, an tionchar ar an bpobal, etc.) agus an lucht éisteachta a thomhas nuair atá measúnú á dhéanamh ar chaidreamh stáisiúin pobail leis an bpobal ar a bhfreastalaítear.
- Ba cheart do ghrúpaí pobail uailmhianacha smaoineamh ar conas is fearr a dhéanfaidh siad measúnú ar a gcaidreamh leis an bpobal ar bhonn cáilíochtúil agus ba cheart dóibh meastóireacht a dhéanamh ar an tairbhe shóisialta a thairgtear leis an tseirbhís pobail phíolótach uair amháin ar a laghad. Is féidir é sin a dhéanamh ar bhealaí difriúla, lena n-áirítear suirbhé pobail, sonraí ar líne, ceardlanna ina dtagraítear do tháscairí na tairbhe sóisialta etc.
- Ba cheart do ghrúpaí pobail uailmhianacha machnamh a dhéanamh freisin ar a gcur chuige níos fadtéarmaí maidir le meastóireacht ar an tairbhe shóisialta, lena n-áirítear na modheolaíochtaí agus an mhinicíocht lena gcuirfear iad sin i bhfeidhm. Tacóidh an mheastóireacht sin le seirbhísí pobail ábhar craolacháin níos éagsúla a chruthú agus cuirfidh sí ar chumas bhail den phobal tuiscint níos fearr a fháil agus a bheith



rannpháirteach i léiriú agus i scaipeadh ábhair craolta trína gcuid rannpháirtíochta le craoltóirí pobail.

Roinn a Ceathair: Cúrsaí Airgid

	CEISTEANNA	TÁ	NÍL
1	An bhfuil feidhmiú na seirbhíse pobail píolótaí á mhaoiniú ó fhoinsí éagsúla?		
2	An bhfuil an chuideachta saor ó fhiachas agus ó iasachtaí?		
3	I gcásanna inar thóg an chuideachta iasachtaí amach nó ar thabhaigh sí fiachas, an bhfuil siad sin aisíoctha ina n-iomláine nó an bhfuil siad glanta ar shlí eile (e.g. tarscaoilte go hiomlán ag creidiúnaí)?		
4	Ar bhfuil seirbhísí cuntasóra/iniúchára fostaithe ag an mBord Stiúirthóirí chun na ráitis airgeadais deireadh bliana a ullmhú?		
5	Ar bhfuil a ráitis airgeadais comhdaithe ag an gcuideachta san Oifig um Chlárú Cuideachtaí?		
6	An bhfuil tú in ann a dheimhniú go bhfuil comhduithe uile na hOifige sin cothrom le dáta?		
7	An bhfuil na nithe seo a leanas curtha san áireamh ag an mBord Stiúirthóirí le linn dóibh ullmhúcháin a dhéanamh chun iarratas a dhéanamh ar sheirbhís raidió pobail lánaimseartha: <ul style="list-style-type: none"> • straitéis airgeadais le haghaidh fheidhmiú na seirbhíse raidió; • ceanglais chaipitil agus ceanglais infheistíochta eile; • foinsí maoinithe agus caiteachais; • réamh-mheastacháin airgeadais; agus • na straitéisí agus na tacaíochtaí chun na réamh-mheastacháin sin a bhaint amach? 		

Nótaí Míniúcháin

- Iarrfar ar iarratasóirí a dhéanfaidh iarratas ar chonradh craolacháin fuaime lánaimseartha na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - mionsonraí a thabhairt den straitéis airgeadais le haghaidh fheidhmiú na seirbhíse;
 - réamh-mheastacháin a chur ar fáil don chéad tréimhse trí bliana feidhme ag léiriú conas is féidir na ceanglais maoinithe réamh-oibríochta agus ina dhiaidh sin a chomhlíonadh agus tacú leis na réamh-mheastacháin sin le toimhdí fianaisebhunaithe;

- na foinsí éagsúla ioncaim a shainaithe (e.g. fógraíocht, urraíocht, tiomsú airgid, deontais, etc.) agus na foinsí caiteachais de réir an réimse oibríochta nó gníomhaíochta (soláthar foirne, clársceidealú, etc.); agus
 - na bearta a leagan amach, ar bearta iad a dhéanfar mura mbaintear amach na réamh-mheastacháin airgeadais (e.g. chun aghaidh a thabhairt ar easnamh nó iasachtaí thar théarma an chonartha).
- Ach seirbhís phobail phiolótach a fheidmiú thar roinnt blianta cuirtear ar chumas grúpaí pobail uailmhianacha samhail maoinithe agus feidhmithe atá éifeachtach ó thaobh costais de a fhorbairt, a bheidh in ann cabhrú leo chun an cineál seirbhíse a bheidh inmhathana san fhadtéarmach a roghnú (i dtéarmaí uaireanta craolacháin, an soláthar foirne, agus an bonn caipitil).
 - Ba cheart eagraíochtaí meán pobail a mhaoiniú ó fhoinsí éagsúla agus táthar ag súil go mbeidh an pobal ar a bhfreastalófar freagrach as tacú le feidhmiú a seirbhíse. Tugtar ar aird sa *Bheartas um Meáin Phobail* gur forbraíodh cuir chuige éagsúla ionas go mbeifear in ann tacaíocht airgeadais a fháil ón bpobal ar a bhfreastalaítear, lena n-áirítear táillí ballraíochta, díol seirbhísí, bailiúcháin, tiomsú airgid go ginearálta, agus gníomhaíocht thráchtála ar an aer (beidh an meascán a úsáidfead ag brath ar imthosca aonair na seirbhíse).
 - Léirítear le taithí na hÉireann gur dúshlán leanúnach é do ghrúpaí pobail agus do na pobail ar a bhfreastalaítear maoiniú a fháil, go háirithe sa tréimhse tionscanta. Ar an gcúis sin, is réamhriachtanas é go mbeadh iarratasóir saor ó fhiachas sula ndéanann sé iarratas ar sheirbhís phiolótach nó ar chonradh craolacháin fuaimne pobail lánaimseartha.
 - Tá sé riachtanach, ón tús, gur leor an bonn deonach chun tacú le maoiniú d'oibríochtaí leanúnacha an phobail chun tacú leis an acmhainn dul ar aghaidh i réimsí eile na seirbhíse, cosúil le for-rochtain, oiliúint agus forbairt, earcaíocht, agus coinneáil oibríthe deonacha agus cuspóirí eile den tairbhe shóisialta.
 - Spreagtar grúpaí pobail uailmhianacha taighde a dhéanamh ar an raon deontas atá ar fáil ón Rialtas agus ón Eoraip agus ar scéimeanna maoinithe an Choimisiúin.
 - Ba cheart don Bhord Stiúrthóirí an saineolas airgeadais iomchuí a bheith acu, nó é a fháil, chun a chinntiú go gcloítear le dea-chleachtas rialachais i mbainistíocht airgeadais agus sna ceanglais uile a bhaineann le dlí cuideachta.



Roinn a Cúig: Oibríochtaí (Soláthar Foirne agus Oiliúint)

	CEISTEANNA	TÁ	NÍL
1	An bhfuil an líon oibríthe deonacha méadaithe agat thar fheidhmiú na seirbhíse pobail píolótaí (ó bhliain go bliain, etc.)?		
2	An bhfuil oibríthe deonacha in ann a bheith ag gabháil do gach leibhéal d'fheidhmiú na seirbhíse (e.g. pleanáil maidir le clársceidealú, taighde agus léiriú, tiomsú airgid, for-rochtain phobail) agus ceannaireacht agus bainistíocht na seirbhíse (e.g. ballraíocht an Bhoird agus fochoistí)?		
3	An bhfuil struchtúir le haghaidh 1) earcaíocht, 2) oiliúint, 3) rothlú, agus 4) coinneáil oibríthe deonacha bunaithe agat?		
4	Ar bhfuil struchtúr d'oibríthe deonacha/soláthar foirne ceaptha agat le haghaidh seirbhís raidió pobail lánaimseartha? Mura bhfuil, an bhfuiltear ar aon intinn maidir le straitéisí chun an bonn oibríthe deonacha a mhéadú (más gá) chun tacú lena hoibriú?		
5	Ar bhfuil na leibhéil tuarastail atá beartaithe sainaitheanta agat, agus na nósanna imeachta earcaíochta, agus na foinsí maoinithe má mheastar go mbeidh foireann íoctha i mbun na seirbhíse? ⁹		
6	An bhfuil beartais agus nósanna imeachta forbartha agat (e.g. Cód Iompair, Gnás Casaoide, etc.) d'oibríthe deonacha atá ag gabháil d'fheidhmiú na seirbhíse?		

Nótaí Míniúcháin

- Táscaire rithábhachtach de rath an stáisiúin is ea a mhéid atá baill den phobal ar a bhfreastalaítear toilteanach a gcuid ama féin a thabhairt, ar bhonn deonach, chun tacú lena stáisiún. Ba cheart do sheirbhísí pobail píolótaacha a bheith in ann méaduithe a thaispeáint ar an líon oibríthe deonacha atá acu agus an acmhainn atá acu tógáil ar na struchtúir atá i bhfeidhm chun tacú le méaduithe den sórt sin, e.g. trí chláir oiliúna, rothlaithe agus coinneála.
- Ní mór oibríthe deonacha a éascú chun a bheith rannpháirteach i ngach leibhéal de bhainistíocht agus d'fheidhmiú na seirbhíse.
- Ba cheart nósanna imeachta agus beartais iomchuí a bheith i bhfeidhm do gach uile oibrí deonach a oibríonn ag an stáisiún.
- Tá sé cruthaithe gur rud fíorthábhachtach é oiliúint oiriúnach a sholáthar ar leibhéal foirmiúil agus neamhfhoirmiúil chun dul chun cinn a dhéanamh agus ba cheart do ghrúpaí raidió

⁹ Is féidir scéimeanna fostaíochta Rialtais a áireamh leo sin.



pobail uailmhianacha tiomantais intomhaiste a chur ar fáil faoin oiliúint agus buiséad bliantúil a bheith ag gabháil leo.

- Ba cheart don Bhord Stiúrthóirí agus do lucht bainistíochta an stáisiúin nósanna imeachta agus struchtúir a fhorbairt lena n-éascaítear agus lena gcuirtear tuairisciú agus línte cumarsáide díreacha agus trédhearcacha chun cinn idir an Bord Stiúrthóirí, lucht bainistíochta an stáisiúin, agus oibrithe deonacha.

Roinn a Sé: Stiúideonna agus Tarchur

6.1 Dearadh stiúideo

	CEISTEANNA	TÁ	NÍL
1	An bhfuil foirgneamh oiriúnach le haghaidh stiúideo aitheanta agat i suíomh lárnach a chomhlíonann ceanglais inrochtaineachta an Choimisiúin?		
2	Ar bhfuil Treoirlínte Rochtana Míchumais an Choimisiúin léite agus an dtuigtear iad?		
3	An bhfuil saineolas nó rochtain agat ar shaineolas maidir le stiúideonna ina bhfuil fuaimdhíonadh leordhóthanach a dhearadh agus a thógáil?		
4	An bhfuil saineolas agat maidir le trealamh fuaime agus trealamh gaolmhar a shocrú sa stiúideo?		
5	An bhfuil saineolas agat maidir leis an nascacht theicniúil idir an stiúideo agus suíomh(anna) tarchuradóireachta?		

Nótaí Míniúcháin

- Ní gá do sheirbhísí sealadacha foirgnimh stiúideo atá inrochtana go hiomlán a sholáthar i ngeall ar na cineálacha seirbhísí atá i gceist. Mar sin féin, tá seirbhísí raidió pobail píolótacha ceaptha chun an taithí a thabhairt do ghrúpaí uailmhianacha ar sheirbhísí níos fadtéarmaí le rannpháirtíocht níos mó ón bpobal. Ní mór dóibh, dá bhrí sin, foirgnimh stiúideo atá inrochtana go hiomlán a sholáthar ar an mbealach céanna le seirbhísí raidió pobail.
- Ba cheart don fhoirgneamh stiúideo le haghaidh seirbhísí raidió pobail agus píolótacha a bheith in áit atá inrochtana go héasca ag formhór an phobail. Ba cheart go bhfágfadh dearadh an fhoirgnimh agus an stiúideo go mbeadh rochtain ag gach ball den phobal ar an bhfoirgneamh, bídís ar chos, i gcathaoir rothaí nó cibé slí eile. Áirítear leis sin an bealach isteach san fhoirgneamh, ag dul thart san fhoirgneamh, rochtain ar na hurláir uachtair, rochtain ar leithris inrochtana agus ag dul thart i seomraí an stiúideo.
- Ní mór d'fhoirgnimh cloí leis na [Treoirlínte Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas do Raidió Pobail agus do Raidió Píolótach Pobail](#) mar atá mionsonraithe ar shuíomh gréasáin Choimisiúin na Meán.



- Ba cheart do na stiúideonna a bheith tógtha freisin le fuaimdhíonadh leordhóthanach chun a chinntiú nach mbíonn le cloisteáil ar an ggraoladh ach an fhuaim a thaifeadtar sa stiúideo.

6.2 An Líonra Tarchuir

	CEISTEANNA	TÁ	NÍL
1	An bhfuil saineolas agat maidir le tarchuradóirí FM a cheannach, a shocrú, a shuiteáil, agus a thástáil nó deacrachtaí leis an tarchur a shainaitheint?		
2	An bhfuil eolas agat ar chuideachtaí atá in ann an saineolas sin a chur ar fáil?		
3	An bhfuil eolas agat ar shuíomhanna tarchuir FM a bheadh oiriúnach le haghaidh cumhdaigh laistigh den limistéar saincheadúnais?		

Nótaí Míniúcháin

- Cumhdaíonn seirbhísí raidió pobail agus tráchtála píolótacha limistéir shainithe. Ní mór an limistéar ar ar a bhfreastalóidh an tseirbhís phobail a chomhaontú leis an gCoimisiún sula gcuirfear tús leis an tseirbhís chun tíreolaíocht an limistéir, an fháil atá ar shuíomh tarchuir oiriúnach, agus minicíochtaí seirbhísí den sórt sin a chur san áireamh.
- Oibríonn an Coimisiún i ndlúthchomhar le ComReg, an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide, chun na minicíochtaí a sholáthróidh an leibhéal cumhdaigh inmhianaithe a shainaitheint, gan cur isteach ar sheirbhísí atá ann cheana nó ar sheirbhísí atá beartaithe.